


Seo, Siúd agus Eile

Seo, Siúd agus Eile



Dearthóirí Áiseanna Teagaisc
na Gaeilge a thiomsaigh

ISBN 978-1-85791-730-7



9 781857 917307

 AN GÚM

Seo, Siúd agus Eile



Dearthóirí Áiseanna Teagaisc
na Gaeilge a thiomsaigh

Seo, Siúd agus Eile

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc
na Gaeilge a thiomsaigh

 AN GÚM

Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2008

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2008

Obair ealaíne © na healaíontóirí

ISBN 978-1-85791-730-7

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Áine Ní Ghlinn, Juanne Nic Giollarnáith, Maria Ní Mhurchú, Rody Gorman, Seán Breatnach, Siobhán Ní Mhuimhneacháin, Seán Ó Muimhneacháin, Sorcha de Brún, Eimear Ní Néill (Coláiste Oideachais Froebel), Seán Mac Dhonnagáin, Donnchadha Mac Aogáin (Coláiste Oideachais Froebel) agus Uinsionn Ó Domhnaill a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Aongus Ó Coileáin, Dómhnal Ó Bric, Maria Murray, Martin Fagan, Peter Donnelly, Róisín Curé agus Steve Simpson

Muintir Chathail Teo a chlóbhuail in Éirinn

Le fáil tríd an bpost uathu seo:

An Siopa Leabhar,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
ansiopaleabhar@eircom.net

nó

An Ceathrú Póilí,
Cultúrlann Mac Adam-Ó Fiaich,
216 Bóthar na bhFál,
Béal Feirste BT12 6AH.
leabhair@an4poili.com

Orduithe ó leabhardhíoltóirí chucu seo:

Áis,
31 Sráid na bhFíníní,
Baile Átha Cliath 2.
eolas@forasnagaeilge.ie

nó

International Education Services
Eastát Tionsclaíoch Weston,
Léim an Bhradáin,
Co. Chill Dara.
info@iesltd.ie

An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

Clár

Dá mbeadh ...	5	Áilleacht na hOíche	26
An Turas Scoile	6	Laethanta Saoire (Ceapóg)	27
Saineolaí	8		
Rap mo Dhaideo	10	Tráthnóna i nDún Chaoin	30
Brionglóidí	14	An Crann Darach	32
An Ciarsúr Bán	16	Boscaí Bruscair	36
An Baglady	18	An Seomra	38
Taisce	20	An Damhán Alla	39
Ar an mBruach	21	Cé a rinne é?	40
Log na Coille (Haiku)	22	Tormán san Otharlann	42
Bíonn blas ar an mbeagán (Luimneach)	24	Is fearr liom	44
An rud is annamh is iontach (Luimneach)	25		



Dá mbeadh ...

Áine Ní Ghlinn



*Dá mbeadh carr agam
Arsa an buachaillín óg
Rachainn siar go Gaillimh
Chaithfinn an lá cois trá
Dhéanfainn caisleáin ar an gcladach
Léimfinn isteach san uisce
Chaithfinn an lá ar fad ag spraoi*

*Dá mbeadh carr agamsa
Arsa dineasár na hiarsmalainne
Bhainfinn amach an t-inneall
Thógfainn as a chéile é
Dhéanfainn inneall ama
Sheolfainn siar na milliúin bliain
Is ní fhágfainn mo Mhamaí go deo arís*



An Turas Scoile

Áine Ní Ghlinn

Bhí an turas scoile go hiontach.
Bhí an músaem thar cionn.
Ach an rud ab fhearr ná an trícheireatóp
A d'alp siar an Máistir Ó Cuinn.

Bhí an Máistir bocht i lár abairte.
Bhí a lámh dheas thuas san aer.
Ní fhaca sé na fiacla móra.
Nach orthu a bhí an faobhar!

Lean an máistir ag caint
Is é istigh sa bhéal ollmhór.
Cén fáth a bhfuil tú do m'ithe?
Nach tusa an feoilséantóir!




Rinne an dineasár brúcht mór glórach
A d'fhág scamall liath san aer.
Gabhaigí mo leithscéal, ar seisean
Is é ag breathnú ar na páistí go léir.

Rithigí! a dúirt páiste amháin.
Rithigí ón dúnmharfóir!
Ná bígí buartha, arsa an dineasár.
Is mise an páisteséantóir.



Saineolaí

Áine Ní Ghlinn



Is saineolaí é
Ar an mbruitíneach,
Ar an deilgneach,
Ar an bhfliú.
Is iomaí lá a chaith sé
Sa leaba de bharr slaghdáin.
Dochtúirí, buidéal leighis –
Tuigeann sé go maith iad.

Tá gach eolas aige
Faoi Chinnín Óir,
Faoi Luaithriona,
Faoi Chochaillín Dearg
Is na muca seafóideacha sin.
Ach ar ndóigh
Tá bá ar leith aige
Le Babaí Béar.

Is saineolaí é
Ar phóga,
Ar dheora,
Ar bharróga,
Ar ollphéisteanna faoin leaba,
Ar na fuaimeanna go léir
Nach gcloistear
Ach san oíche.

Tá gach eolas aige
Faoi chúrsaí grá,
Faoi chloigeann ar a bholg,
Faoi leathchluas leathite
Ag fiacla beaga.
Tá gach eolas aige
Faoi gach rud
Ach go háirithe faoi chúrsaí grá.

Mo ghrá go deo thú,
A Theidí.



Rap mo Dhaideo

Áine Ní Ghlinn

Is rinceoir é mo Dhaideo
A dhéanann *tap* agus ríl
A dhéanann gach lúbarnaíl
Isteach is amach
I ngach cúinne den teach
Feictear mo Dhaideo
É ag preabadh is ag lúbadh
Suas is anuas
Mar a bheadh yó-yó
Ag gach uile dhioscó
Ó Bhaile Átha Cliath
Go Maigh Eo
In ainneoin go bhfuil sé
Chomh sean leis an dódó






In Éirinn, in Albain
Nó fiú sna Stáit
Sa dioscó, sa chistin
Is cuma cá háit
Nuair a ghlacann sé cith
Nó i lár an dinnéir
I seomra ar bith
Áit ar bith faoin spéir
Amuigh ar an tsráid
Ar long nó ar bhád
I ngach uile theach ósta
Ó chósta go cósta
Bíonn mo Dhaideo ag rince
Is an gabhar á róstadh



MO DHAIDEO

Is le déanaí is ea dúirt
Mo Dhaideo le mo Mhamó
Ó bhó bhó go deo
A stór is a stóirín ó
Caith uait an maide siúil sin
Is beir leat do bhainseó
Tar liomsa ag bapáil
Ag bapáil is ag hapáil
Is ní bheidh aon duine ar domhan
In ann muid a stapáil
Bain triail as, a chroí
Déan rince is spraoi
Le chéile is ea déanaimis rince is *tap*
Le chéile is ea déanaimis hip hap is rap





Anois bíonn siad le feiceáil
Ag rince le chéile
Ag gach uile dhioscó
Ag gach uile fhéile
Mamó is Daideo
Is iad ag rince gan stró
Ó chathair Luimnigh
Go deisceart Chiarraí
Ó iarthar Chorcaí
Go baile Dhún Laoghaire
Bíonn siad le feiceáil
Dáiríre píre
Ag gach uile chóisir
Ó cheann ceann na tíre


Brionglóidí

Juanne Nic Giollarnáith

Nuair a dhúnaim mo shúile
I mo leaba liom féin,
Bíonn brionglóidí agam
Mé i ngar is i gcéin.

Ag eitilt sa spéir
I mbalún mór buí,
Nó ag sábháil an fhéir
Is ag léim insa tuí!

Ag marcaíocht ar thonnta
Iad chomh hard le mo theach,
Nó ag baint an chéad áit
I rása curach

A red propeller airplane is flying through a thought bubble. The bubble is filled with white, fluffy clouds. The airplane is flying towards the right, leaving a trail of white smoke behind it. The background of the thought bubble is a light yellow color.

Píolóta, taoiseach,
Tástálaí milseán,
Mo rogha slí bheatha –
Pé rud atá i ndán!

Agus tá a fhios agam faoi dheireadh,
Nuair a théim in aois
Go bhfuil gach uile sheans ann
Go bhfíorófar m'fhís!



An Ciarsúr Bán

Maria Ní Mhurchú

Níl ach píosa de d'aghaidh le feiscint
Aghaidh chráite chroíbhriste
Súile troma, dearg ón ngol
Gaineamh tirim na hAetóipe
Ag síorshéideadh isteach iontu.
Gloiní *RayBan* in easnamh san áit seo.

Do chraiceann scoilte
Do dhá lámh craptha cráite,
Iad ag cosaint d'éadan suaite.
Bandaí ornáideacha ar do rostaí –
Cuirid laincisí i gcuimhne dom.

Táimse tuirseach de bheith ag cur airgid chugat.
Ní chím aon athrú ar do shaol.
An pictiúr céanna ag teacht trí mo dhoras isteach
Ó bhíos i mo chailín beag.



Ba bhreá liom thú a thabhairt abhaile liom
Béile breá blasta a chur os do chomhair amach
Do ghruaig a chíoradh duit
Do chraiceann a chlúdach le *Johnson's Baby Oil*
Leaba dheas bhog a chóiriú duit.

Ach tugaim níos mó do mo chat in uair a chloig
Ná mar a fhaigheann tusa laistigh de sheachtain.

Leanfaidh mé orm ag cur mo phinginí chugat
Braithim ciontach gur mise faoi ndear
An chuma atá ortsa inniu.

Tóg síos do dhá lámh ó d'aghaidh.
Ná bí ag gol mar sin.
Seo, tóg mo chiarsúr bán agus cuimil na deora.
Táimse ag guí chun an Tiarna go dtiocfaidh casadh aigne
Ar Bill Gates agus ar a chomrádaithe,
Ach ní fheadar an bhfuilim mar a bhíonn an ostrais –
Mo cheann sa ghaineamh
Agus tóin le gaoth.






An Baglady

Maria Ní Mhurchú

Ina n-onóir siúd nach mbíonn eochair tí acu faoi Nollaig

Teastaíonn uaim thú a thógaint i mo bhaclainn
Mo dhá lámh a choimeád timpeall ort
Tú a chosaint
Ón ngaoth aniar aduaidh
Ón mbáisteach throm
Ó na buachaillí óga
A gháireann fút
A chaitheann seilí ort.
Ná tóg orthu é
Ní thuigid thú.

Fágaim burgar ó *McDonald's*
Taobh leat.



Feicim ó d'aghaidh go bhfuil áthas ort
Mo ghraidhin go deo thú
Ach nach fuirist tú a shásamh.

Ní deirimid faic le chéile.

Cím deora ag sileadh leat
Ach nuair a fhéachaim laistiar de na deora
Cím cailín óg
Sé bliana déag
Suite ar bhinse
Ag fanacht lena buachail
Gúna deas ort agus meangadh gáire.
Níl aon eagla ort roimis an ngalar dubhach
Ná roimis an ngalar cam ach an oiread.
Nach ait an mac an saol?

Taisce

Rody Gorman

Céard a dhéanfainn gan iad
Agus mé ag siúl
Ó cheann ceann na tíre –

Na cuimhní cinn úd
Agus gach a bhfuil
I dtaisce i mo ríomhaire glúine?



Ar an mBruach


Rody Gorman

An duine beag i ngeim láimhe
Ag m'athair críonna ar an mbruach –

Dar leis an gcéad duine
Gur ag siúl atá an t-uisce,

Dar leis an gceann eile
Gur ag rith.





Log na Coille!
a tharraing mé le barr mo mhéire
ar an bhfuinneog reoite.

Rody Gorman






Bíonn blas ar an mbeagán, más fíor é
Do bhacaigh an bhóthair is fearr é,
Ní ceart dul thar fóir,
Le bia, fíon ná beoir,
Is uaisle á ramhrú, nach é an trua é.

Seán Breatnach





An rud is annamh is iontach, a deirtear,
Maoin an tsaoil ar bhochtáin go roinntear,
Tuar dóchais do chách
Boc mór a bheith lách,
Toil Dé ar an talamh go ndéantar.

Seán Breatnach

Áilleacht na hOíche

Siobhán Ní Mhuimhneacháin

Tá an oíche tagtha is deireadh an lae,
Tá na bláthanna ina gcodladh istigh sa chré.
Tá na réalta ag lonrú go geal sa spéir,
Is tá gaoth nimhneach fhuar ag séideadh san aer.
Tá obair na bhfeirmeoirí go léir déanta,
Tá na héanlaith ina dtost anois ar na craobhacha,
Tá an oíche tagtha is deireadh an lae ann,
Is an ghealach ag tabhairt solais go hard sa spéir thuas.
Is uaigneach an fhuaim í fuaim na gaoithe,
Ag imeacht trí chrainn mar bhean sí ag caoineadh.
Tá sioc ag glioscarnaigh is an dúthaigh reoite,
Is féachann an áit ar fad fíorghleoite.
Anois tá sé déanach is in am dul a luí,
Maidin amárach beidh an ghrian ag éirí.
Is dúiseoidh mé ansin sa leaba chéanna,
Ach beidh an domhan difriúil faoi sholas na gréine.

Laethanta Saoire

Seán Ó Muimhneacháin

(Fonn: Haigh didil dum, an cat is a mháthair)

Haigh didil dum, nach mise atá sásta,
Laethanta saoire ag tosú amárach,
Laethanta saoire ag tosú amárach,
Is haigh didil didil dí, haigh didil dum.

Haigh didil dum, an raghaidh tú thar sáile
Sall go Mallarca nó deisceart na Spáinne?
Sall go Mallarca nó deisceart na Spáinne?
Is haigh didil didil dí, haigh didil dum.

Haigh didil dum, ní raghaidh mé thar sáile.
B'fhearr liom go mór bheith i mBaile an Bhuinneánaigh,
B'fhearr liom go mór bheith i mBaile an Bhuinneánaigh,
Is haigh didil didil dí, haigh didil dum.



Haigh didil dum, ar shaoire sciála
'Bhí mé anuraidh i dtír na nGearmánach,
'Bhí mé anuraidh i dtír na nGearmánach,
Is haigh didil didil dí, haigh didil dum.

Haigh didil dum, ní oirfeadh sciáil dom,
Ag dreapadh ar chnoc is ag sleamhnú le fána,
Ag dreapadh ar chnoc is ag sleamhnú le fána,
Is haigh didil didil dí, haigh didil dum.

Haigh didil dum, is fearr ná an trá é,
Gaineamh is feamainn is tú i mbaol báite,
Gaineamh is feamainn is tú i mbaol báite,
Is haigh didil didil dí, haigh didil dum.

Haigh didil dum, beidh mílte sliogán ann,
Déanfad caisleán agus rachad ag snámh ann,
Déanfad caisleán agus rachad ag snámh ann,
Is haigh didil didil dí, haigh didil dum.





Haigh didil dum, tá tubaiste i ndán duit,
Titfidh tú i bpoll agus béarfaidh portán ort,
Titfidh tú i bpoll agus béarfaidh portán ort,
Is haigh didil didil dí, haigh didil dum.



Haigh didil dum, i mBaile an Bhuinneánaigh
Is deas iad na portáin mhánla mhacánta,
Is deas iad na portáin mhánla mhacánta,
Is haigh didil didil dí, haigh didil dum.



Haigh didil dum, ós mar sin atá sé,
Raghadsa i do theannta go Baile an Bhuinneánaigh,
Raghadsa i do theannta go Baile an Bhuinneánaigh,
Is haigh didil didil dí, haigh didil dum.



Tráthnóna i nDún Chaoin

Seán Ó Muimhneacháin

Ghabhas siar amach go luí na gréine
Ar imeall na farraige móire,
Is do chonac ann cumhacht agus áilleacht Dé
Agus filíocht Rí na Glóire.

Is do thuigeas an fáth gur tharla tráth ann
Filí agus scríbhneoirí;
Port na bPúcaí ag imeacht le gaoth
Ag taibhsí na gceoltóirí.

Tá an áilleacht fós san áit go tréan
Agus ceol na dtonn ag caoineadh.
Tá draíocht san aer le luí na gréine,
Ach, a Dhia, cá bhfuil na daoine?



An Crann Darach


Sorcha de Brún

'Féach an crann álainn darach!'
Arsa buachaill lena mháthair lá.
Is phóg sé an crann mór maorga,
Is leis sin thit sé i ngrá.

Shín an crann amach a ghéaga,
Rith an buachaill beag faoina dhéin,
D'fháisc an crann lena ucht é,
Is d'ardaigh é sa spéir.

'An féidir linn an crann a thabhairt
Abhaile go dtí ár dteach féin?
D'fhéadfaimis féachaint ar an teilifís,
Agus dul amach ag spraoi le chéile.'






‘Ó, ní fhéadfá an crann a thabhairt leat,’
A dúirt a mháthair leis.
‘Is é seo an baile atá aige,
Bheadh sé uaigneach insa chreis.’

Ach go breá luath lá arna mhárach
Tháinig an buachaill beag ar ais –
Dréimire ina lámh aige,
Agus tua ina ghlac.


‘An dtiocfá liom, a chrainn álainn?’
Ar seisean de chogar ciúin –
‘Tar agus éalaigh liomsa,’
Agus thosaigh sé ag gearradh leis an tua.



Thosaigh an crann ag sileadh na ndeor,
Thit duilleoga agus dearcáin go tréan.
'Ní féidir liom éalú leatsa,' ar seisean,
'Táim ag síothlú anois, mo léan.'

'Tá blianta fada caite agam
Ar an saol seo agus bhí go maith.
Ach tá trí chéad bliain curtha díom agam,
Tá sé thar am agam anois imeacht.'

D'fhág siad slán ag a chéile,
An crann agus an buachaill beag,
A gcairde bailithe timpeall orthu –
Créatúir na coille uileag.



Cé gur éag an crann mór darach,
D'fhág sé dearcáin ina dhiaidh,
Is d'fhás siadsan go mall maorga,
Ríshliocht an chrainn mhóir.

'Féach an crann álainn darach!'
Arsa cailín lena hathair lá.
Is phóg sí an crann beag óg,
Is leis sin thit sí i ngrá.




Boscaí Bruscair

Eimear Ní Néill

Bhí bruscar i mo lámh agam
Ach bhí an bosca lán
'Cá gcaithfidh mé an bruscar seo?'
A d'fhiafraíos de Sheán.

Dúirt Seán liom bosca eile a lorg
Chun an bruscar a chur ann.
Ach bhí gach aon bhosca lán go béal,
Óra, spás do bhí sé gann!

Ar theacht abhaile dom an oíche sin
D'fhiafraíos de mo Mham
Cén áit ar cheart dom bruscar a chur
Má tá na boscaí bruscair lán?





‘A stór, dá mbeimis cúramach
Fadhb ní bheadh againn
Ní gá dúinn gach aon rud
A chaitheamh scun scan uainn.

Laghdaigh, athúsáid, athchúrsáil
Ná cuir aon cheo amú
Tá teorainn lena bhfuil againn
Ar an domhan seo inniu.’



An Seomra


Seán Mac Dhonnagáin


I mo chloigeann tá seomra
Atá ina chathair ghríobháin.
Tá ballaí ar fud na háite
Agus cúpla doras ann.

Siúlaim thart fán seomra.
Téimse ar seachrán.

Ach ní shroichim
Mo cheann scríbe riamh
Mar go gcloisim
Béicíl mo Mham

Dinnéar, a Sheáin!






An Damhán Alla

Donnchadha Mac Aogáin

Amach as poll san urlár
Gach oíche ag a hocht
Éalaíonn créatúr cúthail
An Damhán Alla nocht!

Níl léine, seaicéad ná bríste air
Ach ní airsean atá an locht
'Ní dhéantar brístí ochtchosacha,'
Arsa an Damhán Alla bocht.

Cuimhnígí ar an scéilín seo
Gach maidin, luath moch
Agus cuirigí oraibh bhur mbrístí.
Ná téigí ar scoil is sibh nocht!



Cé a rinne é?

Uinsíonn Ó Domhnaill

In achan scoil
Tá síoga dána
A chaitheas an lá
Ag déanamh rudaí gránna.

Ní féidir a bhfeiceáil
Ag milleadh an chlóis
Ach briseann siad rudaí
Is déanann siad bróis





Ag cur rudaí ó mhaith
Ag cur rudaí i bhfolach
Ag fágáil na háite
Cáidheach salach.

Ach go minic, an múinteoir,
Cuireann sé locht,
Chan ar na síoga
Ach ar pháiste beag bocht.

Tormán san Otharlann

Uinsíonn Ó Domhnaill

Agus mé insan otharlann
De lá agus d'óiche
Bhí saol mór gnóthach ann
Is mise ar bheagán brí

Banaltraí ag brostú
Abhus agus thall
Le cógais agus gléasra
Anonn agus anall

Na dochtúirí ina ngrúpaí
Fána gcótaí bána
Steiteascóip is fillteáin
Is iad ag amharc go dána





Cócairí le bia
A bhí i gcónaí fuar
Ag brostú is ag fútráil
Le trup bocht monabhair

Isteach leis na cuairteoirí
Ar bhomaite a sé
Le 'Cad é mar atá tú,
I do chodladh i rith an lae?'

Ach tá mé réidh anois le hotharlann
Is mothaím go breá
Ach suaimhneas ní bhfuair mé ann
Oíche ná lá.



Is fearr liom

Uinsíonn Ó Domhnaill

Is maith liom an ghrian is í ag dul faoi,
Is an ghealach mhór bhuí in airde.
Is maith liom na réaltaí ag lonrú san oích',
Ach is fearr liom mo chlann is mo chairde.

Is maith liom na huain ag rith is ag siúl,
Is na bláthanna ar fud na páirce.
Is maith liom na héin ag seinm ar chraobh,
Ach is fearr liom mo chlann is mo chairde.



 AN GUM

ISBN 978-1-85791-730-7



9 781857 917307